



2024/2464

13.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2464 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2024

**maidir le hola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton a údarú mar bhreiseán beathaithe le
haghaidh gach speicis ainmhíoch**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin déantar foráil maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh an tsubstaint ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe ina dhiaidh sin mar tháirge a bhí ann cheana a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe' i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le hola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí an breiseán lena úsáid in uisce óil freisin. Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, áfach, ní cheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid an bhreiseáin seo in uisce óil a cheadú.
- (5) Chinn a tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') sa tuairim uaidh an 21 Márta 2023 ⁽³⁾ go bhfuil ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton sábháilte ar uastiúchaintí áirithe a shonraítear a thuilleadh le haghaidh gach speicis. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton sábháilte do thomhaltóirí agus don chomhshaol ar an leibhéal úsáide atá beartaithe i mbeatha. Tháinig sé ar an gconclúid gur cheart a mheas gur greannaitheoir craicinn agus súl í ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton agus gur iógróir craicinn agus riospráide í. Ós rud é go bhfuil oiléaroisíní péine agus a n-ullmhóidí aitheanta mar bhlástáin bhia agus go mbeadh an fheidhm chéanna ag ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton i mbeatha, go bunúsach, leis an bhfeidhm atá aici i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, thairis sin, nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2023;21(2):7952.

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (7) Measann an Coimisiún nach gá, ar chúiseanna sábháilteachta, uaschion a shocrú le haghaidh ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton. Chun rialú níos fearr a leagan síos, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an t-uaschion molta, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.
- (8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe' údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe ola eisintiúil bhán phéine ó *Pinus pinaster* Aiton mar a údaraítear é de bhun Threoir 70/524/CEE agus na réamh-mheascáin ina bhfuil an breiseán sin, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 3 Aibreán 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 3 Deireadh Fómhair 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 3 Deireadh Fómhair 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 3 Deireadh Fómhair 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 3 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 3 Deireadh Fómhair 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhi	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b340-eo	Ola eis-intiúil bhán phéine	Comhdhéanamh an bhreiseáin Ola eisintiúil ó oiléaroisín <i>Pinus pinaster</i> Aiton Foirm leachtach Tréithriú na substainte gníomhaí Ola eisintiúil bhán phéine Ola eisintiúil mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾a fhaightear ó oiléaroisín <i>Pinus pinaster</i> Aiton trí ghaldriogadh agus ina dhiaidh sin trí choigeartú ar an oiléaroisín Uimhir CAS: 8002-09-3 Uimhir FEMA: 3089 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 340 Sonraíochtaí: α-Pinéin (pin-2(3)-éin): 70,85 % β-Pinéin (pin-2(10)-éin): 11,20 % Longaíléin 0,2–2,5 % β-Caraifilléin: 0,3–3,0 % Caimféin 0,6–1,5 % Mircéin 0,4-1,5 % Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir leis na marcóirí fíicheimiceacha pin-2(3)-éin agus pin-2(10)-éin sa bhreiseán beathaithe (ola eisintiúil bhán phéine) a chinneadh — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (ISO 11020).	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	- Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. - Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. - Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'An t-uaschion molta den tsubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 35 mg le haghaidh gach éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 25 mg le haghaidh gach speicis d'éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin seachas turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin; — 33 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin; — 25 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú; — 14 mg le haghaidh éin ornáideacha; — 35 mg le haghaidh gach mucra; — 50 mg le haghaidh gach speicis athchogantaigh, Camelidae agus eachainmhí; — 35 mg le haghaidh salmainidí agus mionéisc eite;	3 Deireadh Fómhair 2034

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.